# Rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a spreagadh

## Rannpháirteachas sa Chlár IB

Is féidir rannpháirteachas san IB a spreagadh agus a chur chun cinn trí fhorléargas soiléir inrochtana ar chlár IB na scoile a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le pobal níos leithne na scoile. Tríd an eolas seo a roinnt leis an scoláire go luath sa tsraith shóisearach, agus san IB féin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí leis an bhfeasacht ar na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh sa chlár. Is minic gurb é an scoláire a ndearna an IB leas dó an cumarsáidí is éifeachtaí don scoláire eile agus do thuismitheoirí. Tarraingeofar aird ar an IB agus ar bhuntáistí na rannpháirtíochta go hindíreach trí roinnt de na comhpháirteanna iad féin, ina n-eagraíonn an scoláire IB gníomhaíochtaí le scoláire na sraithe sóisearaí, ag obair le bunscoileanna nó ag glacadh ról meantóireachta mar shampla.

## Rannpháirtíocht i gClár na IB

Leagtar freagracht ar an scoláire a bheith chomh rannpháirtíoch agus is féidir thar bhliain iomlán an chláir, de bharr na deise a thugtar don scoláire páirt a ghlacadh. Is féidir leis seo timthriall neartaithe a chruthú ina bhforbraíonn an scoláire trí churaclam atá ag forbairt agus atá ag teacht le cuspóirí Ráiteas an Chláir Idirbhliana, agus dá réir sin cruthaíonn an curaclam tuilleadh deiseanna chun fás agus forbairt an scoláire a spreagadh.

Tá sé casta agus an-chomhthéacsúil rannpháirtíocht a chothú thar bhliain iomlán an chláir IB. É sin ráite, is iad seo a leanas roinnt de na cúinsí eile ar féidir leo rannpháirtíocht an scoláire a spreagadh agus a chothú:

- tuiscint níos fearr ag an bpobal scoile ar chuspóir agus ar bhuntáistí an chláir IB agus tacaíocht an phobail chun an cuspóir sin a bhaint amach
- cumarsáid sheasmhach idir an scoláire, an baile agus an scoil, lena n-áirítear an scéal is déanaí maidir le céard atá ag tarlú sa chlár
- cur chuige stuama i leith an mheasúnaithe a chur i bhfeidhm thar an IB.

Forbróidh clár IB atá ailínithe leis na Gnéithe Curaclaim ar bhealach níos inbhuanaithe agus beidh sé níos inrochtana do réimse níos leithne cumas an scoláire agus cúlraí socheacnamaíocha.

